An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

## An Tasc Measúnaithe

### Achoimre

Cuireann an scoláire Tasc Measúnaithe scríofa i gcrích, atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stáit i Staidéar Gnó. Is fiú 10% é de na marcanna a úsáidfear chun an grád a bhronnann Coimisiún na Scrúduithe Stáit a oibriú amach. Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe le cineál agus le fócas an dara Measúnú Rangbhunaithe, an Cur i láthair, nuair a thagann an t-eolas agus na scileanna a fhorbraíonn an scoláire chun cinn óna iniúchadh, a fheasacht mhéadaithe agus a chur i láthair ar ábhar a bhaineann leis an timpeallacht ghnó. Is é aidhm an Taisc Measúnaithe go ndéanfadh an scoláire machnamh dírithe ar a Chur i láthair aonair.

Déanfar measúnú sa Tasc Measúnaithe ar ghnéithe éagsúla d’fhoghlaim an scoláire, lena n-áirítear:

- A chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an gCur i láthair
- A chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d’fhorbair sé agus é i mbun an Chuir i láthair
- A chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar athraigh a chóras luachanna trína thaithí ar an gCur i láthair.

Cuirtear an Tasc Measúnaithe ar fáil ar Leibhéal Comónta agus cuirfear cohórt leathan na scoláirí a bheidh ag dul faoin measúnú san áireamh sna ceisteanna a chuirfear. Tá dhá chéim i gceist leis: ar an gcéad dul síos, pléitear agus déantar measúnú ar a chur i láthair aonair; agus ansin, déantar machnamh agus scríobhtar faoin taithí mar láithreoir. Bíonn an Tasc Measúnaithe ar siúl thar thréimhse rang dúbailte nó thar thréimhse dhá rang aonair, 80 nóiméad ar a laghad. Úsáidtear an chéad tréimhse ranga chun ullmhúchán a dhéanamh. Úsáidtear an dara tréimhse ranga chun a fhreagra a scríobh. Scríobhtar freagra an scoláire i leabhrán pro-forma agus cuireann an scoil na leabhráin chomhlánaithe le haghaidh an Taisc Measúnaithe ar aghaidh de réir na socruithe a leagann Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bronnadh as an Tasc Measúnaithe le chéile leis an marc a bronnadh as an scrúdú le teacht ar an ngrád foriomlán don scrúdú stáit deiridh i Staidéar Gnó.

Sa chás go bhfuil scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe nó do chuid de, ba chóir don scoil socrú áitiúil a dhéanamh sa scoil le cur ar chumas an scoláire sin an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don tréimhse sceidealaithe.

Dátaí Tábhachtach

| | |
|---|---|
| An tréimhse ina gcaitheann an scoláire trí seachtaine ag cur an Chuir i láthair i gcrích | Dé Luain, an 12 Samhain go dtí Dé hAoine, an 7 Nollaig 2018 |
| **An dáta deiridh chun an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích** | **Dé hAoine, an 14 Nollaig 2018** |
| An dáta deiridh a bhronnfaidh an múinteoir Tuairisceoirí | Dé Luain, an 17 Nollaig 2018 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích | Dé hAoine, an 21 Nollaig 2018 |